

**Coiste Náisiúnta na Gaeilge 2018-2021**

Cumann Lúthchleas Gael  
Páirc an Chrócaigh  
Baile Átha Cliath 3

**STRAITÉIS  
CHUMANN LÚTHCHLEAS GAEL  
DON GHAeilGE**



# TEACHTAIREACHT Ó UACHTARÁN CHUMANN LÚTHCHLEAS GAEL

Tá ceangal daingean docht ag Cumann Lúthchleas Gael le spreagadh agus le tacú na Gaeilge ó bunaíodh an Cumann. Is cúis bróid don Chumann céanna go bhfuil teanga ár sinsear agus ár dteanga náisiúnta mar bhunchloch thábhachtach ag an gCumann. Leagann an Straitéis seo síos na bunphrionsabail a leanfaidh an Cumann sa todhcháí chun a fhís don Ghaeilge a chur i bhfeidhm. Tabharfaidh an Cumann ceannasaíocht láidir dá chuid ball agus, dá réir sin, do phobal na tíre chun úsáid na Gaeilge a neartú trína bheith gníomhach agus feiceálach i gceartlár mhórphobal na Gaeilge agus trí chinntiú go mbeidh torthaí inláimhsithe le feiceáil ar a chuid saothair.

*Seán Ó hÓráin*

Seán Ó hÓráin  
Uachtarán  
Cumann Lúthchleas Gael





# FÍS CHUMANN LÚTHCHLEAS GAEL DON GHAeilGE

Tá sé mar fhís ag Cumann Lúthchleas Gael go mbeidh an Cumann istigh i gceartlár mhórphobal na Gaeilge. Tá sé mar fhís ag an gCumann, freisin, go dtaispeánfaí go poiblí agus i ngach gné dá chuid oibre ardmheas ar an nGaeilge, ar ár dteanga náisiúnta agus ar theanga ár sinsear, go músclófaí meas an phobail ar an nGaeilge mar chuid dár nGaelachas agus dár n-oidhreacht náisiúnta agus go dtabharfaí ómós agus tosaíocht don Ghaeilge mar cheann de bhunchlocha an Chumainn.



# CUMANN LÚTHCHLEAS GAEL, AN GHAeilGE AGUS ÁR nOIDHREACHT NÁISIÚNTA

Aithnítear go forleathan go bhfuil imeachtaí Chumann Lúthchleas Gael fite fuaite i saol an phobail Ghaelaigh fud fad na tíre agus in áiteanna ar fud an domhain a bhfuil lorg an Chumainn le fáil iontu. Tá an t-aitheantas sin tuillte agus dlite don Chumann de bharr na hoibre sin a bhaineann lenár gcluichí agus lenár gcultúr – na rudaí a dhéanann an comhcheangal sin leis an nGaelachas agus lenár n-oidhreacht náisiúnta. Ní mór do Chumann Lúthchleas Gael díriú ar an nGaeilge, an teanga Ghaelach agus teanga ár sinsear, agus í a thabhairt isteach i gceartlár imeachtaí laethúla an Chumainn. Ní mór a chinntiú go bhfuil an Ghaeilge mar cheann de bhunchlocha Gaelacha agus oidhreachta an Chumainn.



## NA STRUCHTÚIR DON GHAeilGE I gCUMANN LÚTHCHLEAS GAEL

Tá sé riachtanach go mbeadh na struchtúir don Ghaeilge ag feidhmiú go héifeachtach agus go mbeadh línte soiléire cumarsáide ann dí. Ba cheart go mbeadh na struchtúir seo á síneadh glan díreach ó Cheanncheathrú Chumann Lúthchleas Gael anuas chuig na clubanna agus chuig baill an Chumainn ar fud na tíre agus go mbeadh an síneadh seo ag gabháil tríd na coistí cúigí agus na coistí contaetha. Ní mór na struchtúir seo a bheith buan agus bunaithe ar dhualgaisí na nOifigeach Gaeilge sna cúigí, sna contaetha agus sna clubanna. Tá sé riachtanach go mbeadh ceangal díreach agus ceangal oifigiúil idir Oifigigh Ghaeilge clubanna, contaetha, cúigí agus Coiste Náisiúnta na Gaeilge.



# COMHOIBRIÚ LE hEAGRAÍOCHTAÍ EILE IN EARNÁIL NA GAeilGE

Bhí dlúth-chomhoibriú i gcónaí idir Cumann Lúthchleas Gael agus eagraíochtaí eile in earnáil na Gaeilge. Thosaigh an comhoibriú seo nuair a bunaíodh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1893. Tá sé sin le feiceáil san obair a dhéantar i gcomhar leithéidi Chonradh na Gaeilge, Gael Linn agus Ghlór na nGael. Ní mór an comhoibriú sin a neartú agus deiseanna eile a fhorbairt ar fud na tíre ag gach leibhéal den Chumann ón gCeanncheathrú anuas go dtí na clubanna. Is as a bheith ag obair as lámha a chéile ar mhaithe le cur chun cinn na Gaeilge a thiochfaidh na torthaí is fearr agus na torthaí is buaine.



## CÚRSAÍ CUMARSÁIDE AGUS MEÁIN SHÓISIALTA CHUMANN LÚTHCHLEAS GAEL

Is é Cumann Lúthchleas Gael an eagraíocht is mó ball in Éirinn agus, dá bhrí sin, tá tarraingt nádúrtha agus sheanbhunaithe ag an gCumann ar na mílte daoine i measc an mhórphobail. Bainfidh an Cumann úsáid as an suíomh idirlín agus as na meáin shóisialta chun an bhallraíocht a choinneáil ar an eolas agus chun teachtaireachtaí Gaeilge an Chumainn a scaipeadh.

Bainfidh an Cumann lánúsáid as na hardáin éagsúla chumarsáide agus as na meáin shóisialta chun úsáid na Gaeilge a spreagadh go náisiúnta, chun feiceálacht na Gaeilge sa Chumann a neartú agus chun meon na ndaoine a tharraingt i dtreo na Gaeilge. Coinneofar dlúthnasc idir Coiste Náisiúnta Gaeilge agus Rannóg Chumarsáide an Chumainn.

# SÍNEADH AN CHUMAINN CHUIG POBAL NA GAEILGE AGUS CHUIG AN ÓIGE

Níl baile, paróiste nó limistéar sa tír nach bhfuil eagraíocht, cumann nó grúpa de chineál éigin iontu páirteach in imeachtaí Gaeilge. Déanfaidh an Cumann, ar bhonn náisiúnta agus áitiúil, gach iarracht nasc agus ceangal a dhéanamh leis na heagraíochtaí agus leis na grúpaí sin. Déanfaidh an Cumann iarracht ar leith teachtaireacht thábhacht na Gaeilge don Chumann a chur os comhair an aosa óig.



## TACAÍOCHT CHUMANN LÚTHCHLEAS GAEL DON GHAeilGE

Tá Cumann Lúthchleas Gael den tuairim gurb é fuinneamh agus dea-thoil an phobail an acmhainn is mó atá ag an gCumann chun úsáid agus spreagadh na Gaeilge a thabhairt chun cinn. Cé gur eagraíocht spóirt go príomha é an Cumann, tabharfar an méid tacaíochta is féidir do spreagadh na Gaeilge, mar atá leagtha síos i dTreoir Oifigiúil an Chumainn. Tacóidh an Cumann le tograí a chinnteoidh torthaí dearfacha agus inláimhsithe don Ghaeilge.



#GAAgaeilge



**Coiste Náisiúnta na Gaeilge 2018-2021**

Cumann Lúthchleas Gael  
Páirc an Chrócaigh  
Baile Átha Cliath 3

